Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**9766/22**

**ECOFIN 555**
**UEM 159**
**SOC 350**
**EMPL 232**
**COMPET 453**
**ENV 554**
**EDUC 223**
**RECH 346**
**ENER 262**
**JAI 817**
**GENDER 95**
**ANTIDISCRIM 75**
**JEUN 106**
**SAN 351**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9419/22 - COM(2022) 621 final |
| Ábhar: | oladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha na hÍsiltíre agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 na hÍsiltíre |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle, bunaithe ar thogra COM (2022) 621 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le beartais eacnamaíocha na hÍsiltíre agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 na hÍsiltíre**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar shuíomhanna buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú, agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
2 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuireann sé leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe a chuireann leis an bhfás agus le hinfheistíocht, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát a neartú ag an am céanna. Cuidíonn sé freisin le hairgeadais phoiblí inbhuanaithe a neartú agus le borradh a chur faoi fhás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chur tús le Seimeastar Eorpach 2022 le haghaidh comhordú beartais eacnamaíoch. Thug sí aird chuí ar Ghealltanas Sóisialta Porto a síníodh an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé an Ísiltír mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022, lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2022 maidir leis an limistéar euro') an 5 Aibreán 2022 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.

4 Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 153, 7.4.2022, lch. 1).

(3) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, i ndiaidh na paindéime domhanda, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta daoine ag teacht isteach atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha, a d'eascair as cogadh foghach na Rúise, ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle[5], cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[6] i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta.

---

**5** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

**6** Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

(4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta ar bhonn leathan in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh ríthábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá moltaí tírshonracha 2019 agus 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí tírshonracha arna n-eisiúint suas go dtí an dáta a chuirtear isteach pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.

(5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó Mhárta 2020. I dTeachtaireacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal *One year since the outbreak of COVID-19* [aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéar cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

(6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021[7] ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na hÍsiltíre, is fearr an staid fhioscach fhoriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach[8]. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistrithe glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha[9] arna maoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.

---

**7** Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na hÍsiltíre (IO C 304, 29.7.2021, lch. 88).

**8** Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a comhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis an earraigh 2022 an Choimisiúin. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann.

**9** Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

(7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 ('an treoir fhioscach') a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchas maicreacnamaíoch a bhí ann i réamhaisnéis gheimhridh 2022, aistriú ó staid fhioscach chomhiomlán tacaíochta in 2020‒2022 go staid fhioscach chomhiomlán a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a léiriú. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé dlúthfhaireachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.

(8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boilsciú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boilscithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírithe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshláin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i ndáil le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fioscaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena nochtadh don ghéarchéim agus le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.

(9) An 29 Aibreán 2022, thíolaic an Ísiltír a Clár Cobhsaíochta 2022, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Níl Clár Náisiúnta um Athchóiriú curtha isteach ag an Ísiltír go fóill, ós rud é go ndéanfar an clár a chomhtháthú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(10) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 don Ísiltír an 23 Bealtaine 2022. Rinneadh measúnú sa tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ísiltír maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, 2020 agus 2021, chomh maith leis na dúshláin nua agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na dúshláin sin atá ag teacht chun cinn as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Rinneadh measúnú inti freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ísiltír maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar spriocanna ceannlíne an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 le haghaidh na hÍsiltíre agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 23 Bealtaine 2022. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Ísiltír. Go háirithe, baineann leochaileachtaí le fiachas ard príobháideach agus barrachas mór sa chuntas reatha, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo.

(12) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020[10], mhol an Chomhairle don Ísiltír gach beart is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin don Ísiltír beartais fhioscacha a shaothrú, nuair a bheidh dálaí eacnamaíocha ann, arb é is aidhm dóibh suíomhanna fioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht an fhiachais a áirithiú, agus an infheistíocht a fheabhsú ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, laghdaigh easnamh ginearálta rialtas na hÍsiltíre ó 3.7 % de OTI in 2020 go 2.5 %. Thacaigh freagairt na hÍsiltíre maidir leis an mbeartas fioscach leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus b'ionann bearta sealadacha tacaíochta éigeandála agus 3.3 % de OTI in 2020 agus in 2021 araon. Bhí na bearta a ghlac an Ísiltír in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit fiachas ginearálta an rialtais ó 54.3 % de OTI in 2020 go 52.1 % de OTI in 2021.

---

10 Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 um Athchóiriú de chuid na hÍsiltíre agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2020 de chuid na hÍsiltíre (IO C 282, 26.8.2020, lch. 122).

(13) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2022 réalaíoch. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 3.6 % in 2022 agus 1.7 % in 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh fás iarbhír OTI den chineál céanna 3.3 % in 2022 agus 1.6 % in 2023. Ina Chlár Cobhsaíochta 2022, tá an Rialtas ag súil go bhfanfaidh an t-easnamh ceannlíne ag 2.5 % de OTI in 2022 agus go laghdófar é go 2.3 % in 2023. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, meastar go laghdóidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI go 53.1 % in 2022, agus go 52.7 % in 2023. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais do 2022 agus 2023 de 2.7 % de OTI agus 2.1 % faoi seach. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2022 do 2022, go príomha toisc nár áiríodh sa Chlár ach bearta a glacadh mar fhreagairt ar na praghsanna arda fuinnimh, agus bearta beagán níos ísle do 2023, go príomha mar gheall ar leibhéal níos ísle d'ollfhoirmiú caipitil sheasta agus caiteachas eile a bhfuil súil leis ón gCoimisiún. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI níos ísle de 51.4 % in 2022 agus 50.9 % in 2023. Tuar difriúil maidir leis an OTI ainmniúil is cúis leis an difríocht sin. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 1.5 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántéarma (meánfhás 10 mbliana).

(14) In 2022, chuir an rialtas deireadh le formhór na mbeart a glacadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na bearta sealadacha éigeandála ó 3.4 % de OTI in 2021 go 0.9 % in 2022. Tá tionchar ag bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a chomhrac ar an easnamh rialtais, measta ag 0.7 % de OTI in 2022 i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus cuirfear deireadh leo de réir a chéile in 2023.[11]. Is éard atá sna bearta sin den chuid is mó aistrithe sóisialta chuig teaghlaigh níos boichte agus ciorruithe ar chánacha indíreacha ar thomhaltas fuinnimh. Fógraíodh na bearta sin mar bhearta sealadacha. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d'fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl ceann de na bearta sin spriocdhírithe, go háirithe an gearradh ar chánacha indíreacha ar thomhaltas fuinnimh. Tá tionchar ag na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin ar an easnamh rialtais freisin, rud a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0.1 % de OTI in 2022 agus in 2023[12], chomh maith le méadú 0.1 % de OTI ar chaiteachais ar chosaint in 2023.

(15) I Moladh uaithi an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go saothródh an Ísiltír staid fhioscach thacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin go saothródh an Ísiltír, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma, agus an tráth chéanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.

---

**11** Is ionann na figiúirí agus leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

**12** Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspóra atá ann cheana, ar dhaonra coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhír na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamhlú Euromod Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh d'fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochair chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

(16) In 2022, de réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus lena n-áirítear an fhaisnéis atá mar chuid de Chlár Cobhsaíochta 2022 na hÍsiltíre, meastar go mbeidh an staid fhioscach tacúil, cothrom le -2.6 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle[13]. Meastar go bhfanfaidh an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi chistí eile de chuid an Aontais cobhsaí i gcomparáid le 2021[14]. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 0.0 pointe céatadáin leis an staid fhioscach in 2022[15]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Ísiltír infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht fhorleathnaithe dar méid 2.0 pointe céatadáin don staid fhioscach fhoriomlán. Áirítear ar an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (0.7 % de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.1 % de OTI), agus, i measc nithe eile, meastar go gcuirfidh bearta breise aeráide atá dírithe ar laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus ar chur chun cinn fuinnimh inbhuanaithe agus bearta i réimse an oideachais (athsciliú agus oiliúint múinteoirí) leis an bhfás sa ghlanchaiteachas reatha do 0.3 % de OTI agus 0.2 % de OTI faoi seach.

---

13 Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

14 Is réamh-mheastacháin ón gCoimisiún iad bunaithe ar phróifíl líneach caiteachais. Níl Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÍsiltíre faighte go fóill ag an gCoimisiún.

15 Meastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach dar méid 0.5 pointe céatadáin de OTI. Mínítear é sin i bpáirt leis na cistí infheistíochta a chuirtear ar fáil do bhardais chun beartas aeráide a chur chun feidhme agus le maoiniú breise don óige.

(17) In 2023, tuartar go mbeidh an staid fhioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún +0.5 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann[16]. Meastar nach mbeidh athrú ar an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi chistí eile de chuid an Aontais i gcomparáid le 2022. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach de 0,1 pointe céatadáin in 2023[17]. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas príomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2023 ranníocaíocht chrapthach dar méid 1.0 pointe céatadáin don staid fhioscach fhoriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0.7 % de OTI).

(18) I gClár Cobhsaíochta 2022, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 2.5 % de OTI in 2024, sula méadóidh sé go 2.9 % faoi 2025. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh easnamh ginearálta an rialtais faoi bhun 3 % de OTI laistigh de thréimhse Chlár Cobhsaíochta 2022. Glactar leis sna réamh-mheastacháin sin roinnt beart breise maidir le comhdhlúthú fioscach nach bhfuil sonraithe go fóill. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI faoi 2025, go háirithe méadú go 53.1 % in 2024 agus méadú breise go 54.4 % in 2025. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur meánrioscaí iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma.

---

16 Freagraíonn comhartha dearfach den táscaire d'easnamh i bhfás caiteachais phríomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach crapthach.

17 Meastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach dar méid 0.4 pointe céatadáin de OTI. Mínítear é sin i bpáirt leis na cistí infheistíochta a chuirtear ar fáil do bhardais chun beartas aeráide a chur chun feidhme agus le maoiniú breise don óige.

(19) Cuireann saobhadh sa mhargadh tithíochta le praghsanna tithe atá ag ardú go tapa agus le féichiúnas ard teaghlaigh, rud a fhágann go mbíonn teaghlaigh i mbaol turraingí eacnamaíocha. Tháinig fás ar phraghsanna tithe in 2021 le ráta fáis bliantúil de 15 % agus tá méadú ag teacht ar an róluacháil sa mhargadh tithíochta, rud a mhéadaíonn an baol agus na leochaileachtaí. Cé go bhfuil inasbhainteacht cánach úis morgáiste á laghdú de réir a chéile, níl an laghdú ach páirteach, agus tá an faoiseamh cánach a thugann sé ar íocaíochtaí morgáiste fós fial. In éineacht le teorainneacha réasúnta ard iasachtaíochta (iasacht le luach), leanann sé sin de bheith ag cur le claontacht fiachais láidir do theaghlaigh. Ag an am céanna, tá an margadh príobháideach cíosa fós beag agus tearcfhorbartha. Toisc nach bhfuil lárdheighleog dhea-fheidhmiúil ar an margadh cíosa, spreagtar teaghlaigh chun ceannach seachas cíos a dhéanamh, rud a chuireann le cóimheasa arda fiachais le hioncam agus le leochaileacht airgeadais. Cuireann dolúbthachtaí ó thaobh an tsoláthair leis an saobhadh sa mhargadh tithíochta. Mar gheall ar sholáthar réasúnta neamhleaisteach tithe, méadaíonn sé an baol go mbeadh beartais tithíochta níos inacmhainne chun éileamh deiridh a spreagadh agus ar deireadh thiar thall chun praghsanna tithe a chur chun cinn, rud a bhaineann an bonn de chuspóir bunaidh na mbeartas.

(20) Cé go bhfeidhmíonn an chórais phinsin go maith maidir le leordhóthanacht pinsean agus inbhuanaitheacht fhioscach, tá míbhuntáistí ag baint le córas na bpinsean ceirde (an dara colún) ó thaobh cothroime idirghlúine, trédhearcacht ceart agus solúbthachta na bpinsean. Tá ranníocaíochtaí pinsin den dara colún ard agus d'fhéadfadh gá a bheith le coigeartuithe móra a dhéanamh ar ranníocaíochtaí chun míchothromaíochtaí i gcláir chomhardaithe na gcistí pinsean a ionsú. Cuireann na coigiltis éigeantacha mhóra leis an mbarrachas sa chuntas reatha freisin. D'fhéadfadh athchóiriú ar an gcóras pinsean cistí pinsean a dhéanamh níos athléimní in aghaidh suaití. Tar éis creat-chomhaontaithe ar phrionsabail leathana d'athchóiriú na bpinsean in 2019, tháinig an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta ar chomhaontú i mí an Mheithimh 2020 maidir le struchtúr conartha nua don dara colún. Ar an iomlán, is é is aidhm don athchóiriú atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar na laigí is mó atá sa chóras pinsean. Tá sé beartaithe na bearta reachtacha chun an t-athchóiriú comhaontaithe ar phinsin a chur chun feidhme a phlé agus a ghlacadh ag Parlaimint na hÍsiltíre le linn 2022. Ansin, is é an príomhdhúshlán a bheidh ann an t-athchóiriú a chur chun feidhme ina iomláine, agus ní mór faireachán cúramach a dhéanamh ar an athchóiriú sin.

(21) An 22 Nollaig 2021, an 23 Nollaig 2021 agus an 22 Márta 2022, thíolaic an Ísiltír na cláir beartais chomhtháthaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, tá an Ísiltír chun na moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021–2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cur chun feidhme rathúil cláir beartais chomhtháthaithe ag brath freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht, chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le forbairt chríochach chothrom.

**18** Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(22) Tá an sciar den fhostaíocht sholúbtha fós ard agus is sciar suntasach de mhargadh saothair na hÍsiltíre é. Léiríonn sé sin go bhfuil baol méadaitheach ann go mbeidh deighilt i margadh an tsaothair. Tá tionchar nach beag ag fachtóirí institiúideacha agus ag roghanna beartais náisiúnta ar úsáid na gcineálacha fostaíochta sin amhail difríochtaí sa chóir chánach (do dhaoine féinfhostaithe gan fhostaithe), cumhdach slándála sóisialta agus rialacháin maidir le cosaint saothair. Cruthaíonn na cúiseanna agus na fachtóirí institiúideacha sin dreasachtaí/dídhreasachtaí móra airgeadais, agus bíonn éifeachtaí saofa acu ar imeall an mhargaidh saothair go háirithe. Leag paindéim COVID-19 béim freisin ar na rioscaí a bhaineann le margadh saothair deighilte agus le staid neamhfhabhrach fostaíochta agus shóisialta grúpaí áirithe, chomh maith leis na dúshláin shuntasacha maidir le rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach do dhaoine féinfhostaithe a bhíonn gan árachas go minic i gcoinne breoiteachta, míchumais, dífhostaíochta agus seanaoise. Ina theannta sin, trí bhearta breise a dhéanamh chun cáilíocht an chaidrimh oibre i measc daoine féinfhostaithe a shoiléiriú agus chun na rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú, d'fhéadfaí an fhéinfhostaíocht bhréagach a laghdú.

(23) Tá méadú breise tagtha ar ghanntanais lucht saothair agus tá sé tar éis éirí níos ginearálta ar fud earnálacha i gcomhréir leis an téarnamh eacnamaíoch ar an iomlán agus le méadú ar an éileamh ar shaothar. Is léir ó réamhaisnéisí mhargadh an tsaothair go bhfuil margadh saothair dian ann amach anseo agus go háirithe i gcás an oideachais, an chúraim sláinte, na bpost teicniúil agus earnáil na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Sa ghearrthéarma, tá ganntanas freisin an-ard san earnáil tógála. Leis na rioscaí dochta maidir le margadh an tsaothair, cuirtear bac ar na hinfheistíochtaí móra atá de dhíth mar chuid de na haistrithe glasa agus digiteacha. Ag an am céanna, tá saothar gan saothrú nó saothar tearcúsáidte ann, go háirithe i bhfianaise an ráta fostaíochta níos ísle do dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus i bhfianaise sciar ard na fostaíochta páirtaimseartha. Trí mhéadú ar líon na n-uaireanta an chloig a oibríonn oibrithe páirtaimseartha, ar mná iad a lán acu (62.5 % de mhná fostaithe in 2021, d'oibrigh siad go páirtaimseartha), a dhreasú, d'fhéadfaí an ganntanas sa mhargadh saothair atá ann faoi láthair a laghdú tuilleadh agus an mheánbhearna pá agus pinsin idir na hinscní a laghdú. Trí ghníomhaíochtaí neamhghníomhacha, uas-sciliú nó athsciliú a chur ar dhaoine neamhghníomhacha (na daoine sin nach bhfuil ag obair ná ag lorg oibre), iad siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach agus iad siúd atá ar imeall mhargadh an tsaothair trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe agus sainoiriúnaithe, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina gcabhair chun ganntanais saothair agus scileanna a mhaolú agus comhdheiseanna agus cuimsiú gníomhach á gcothú ag an am céanna.

(24) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh plean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainaithint i gcomhphlé leis na Ballstáit. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis.

(25) Tá spleáchas ar bhreoslaí iontaise an-ard. De réir sonraí 2020[19], tá an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis ar an leibhéal céanna le meán an Aontais do ghual (54 %) agus amhola (26 %) agus níos ísle i gcás gáis nádúrtha (30 % i gcomparáid le 44 %). Tá an sciar den mheascán fuinnimh ola (39 % i gcoinne 33 %) agus gáis nádúrtha (44 % i gcoinne 24 %) os cionn mheán an Aontais, cé go bhfuil an cion guail níos ísle (6 % i gcoinne 11 %). D'fhéadfaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú ar an iomlán trí infheistíocht a mhéadú i bhfoinsí in-athnuaite agus leictrithe, trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill bonneagair agus trí éifeachtúlacht fuinnimh a threisiú. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite 2030 an Aontais a bhaint amach. Ba í an Ísiltír an cúigiú Ballstát ba mheasa a d'fheidhmigh ó thaobh sciar an fhuinnimh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh in 2020, agus tá ceann de na bearnaí is mó aici idir sciar 2020 an fhuinnimh in-athnuaite agus spriocanna 2030 an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite. Tá gá le hinfheistíochtaí breise chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus chun an acmhainn eangaí is gá chun fuinneamh in-athnuaite a tharchur ó láithreáin táirgeachta chuig láithreáin tomhaltais a mhéadú. Tá tábhacht ar leith ag baint le hacmhainneacht eangaí a fhorbairt ós rud é gur lean na bacainní acmhainne san eangach leictreachais de bheith ag méadú in 2021, rud a fhágann go bhfuil moill ar chur chun feidhme tionscadal fuinnimh in-athnuaite. D'fhéadfaí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a chuíchóiriú tuilleadh chun acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a imscaradh. Moltar infheistíochtaí nua bonneagair agus líonraí a bhaineann le gás a bheith slán i gcás inar féidir, d'fhonn a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo. Ina theannta sin, le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú tugtar deis chostéifeachtach chun astaíochtaí carbóin agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú tuilleadh, lena n-áirítear ar allmhairí ón Rúis. Go háirithe, tá deis ann feabhsuithe a dhéanamh maidir le hathchóiriú foirgneamh agus feidhmiú céimneach teaschaidéal agus téamh ceantair in earnáil na tógála, chomh maith le leictriú agus soláthar fuinnimh ghlain do thionscail dianfhuinnimh.

---

19 Eurostat (2020), sciar allmhairí na Rúise os cionn allmhairí iomlána gáis nádúrtha, amhola. Do mheán AE-27, tá iomlán na n-allmhairí bunaithe ar allmhairí lasmuigh de AE-27. I gcás NL, áirítear trádáil laistigh den AE ar iomlán na n-allmhairí.

Beidh gá le méadú breise ar an uaillmhian maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Ísiltír ag teacht le cuspóirí 'Oiriúnach do 55'.

(26) D'fhéadfadh tuilleadh infheistíochtaí sa bhonneagar iompair cuidiú le scrogaill a bhaint agus tacú leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe. Tá bonneagar iarnróid agus bóithre cúngaithe. Is é gréasán iarnróid na hÍsiltíre is mó a úsáidtear san Eoraip. Tá an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid á imscaradh ag an Ísiltír chun tacú leis an méadú ar a acmhainn líonra iarnróid. In 2019, measadh gur chosain plódú bóthair 4 % de OTI bliantúil na hÍsiltíre, cé go raibh sé beagán faoi bhun mheán an Aontais. D'fhéadfadh éifeachtaí iarmharta dearfacha a bheith ag infheistíochtaí i mbonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe ar an margadh aonair, i bhfianaise a thábhachtaí atá moil iompair na hÍsiltíre (Calafort Rotterdam, aerfort Schiphol) agus laghdú breise a dhéanamh ar spleáchas na tíre ar ola (39 % den mheascán fuinnimh in 2020).

(27) Déanann fosuithe iomarcacha nítrigine dochar don chomhshaol agus cuireann siad bac ar ghníomhaíochtaí tógála agus talmhaíochta. Ceithre huaire an meánbharrachas nítrigine atá san Aontas agus is iad na hastaíochtaí amóinia in aghaidh an heicteáir an ceann is airde san Eoraip. Tá teascadh nítrigine ró-ard chun cuspóirí bithéagsúlachta a bhaint amach, bíonn tionchar aige ar cháilíocht an uisce agus is é an toradh a bhíonn air san Ísiltír tairseacha Threoir 91/676/CEE[20] ón gComhairle ('an Treoir maidir le Níotráití') a shárú. Mar thoradh ar rialú ón gComhairle Stáit in 2019, ní mór do rialtas na hÍsiltíre gníomhú chun deascadh nítrigine a laghdú i limistéir Natura 2000. D'fhonn fosuithe nítrigine a laghdú tuilleadh, tá gá le haistriú i dtreo talmhaíocht inbhuanaithe, rud a éilíonn infheistíochtaí suntasacha. Tá an talmhaíocht freagrach as 45 % de thaiscí nítrigine, go háirithe mar gheall ar dhianfheirmeoireacht bheostoic. Fágann sin gurb é an Ballstát ina bhfuil an dlús beostoic is airde san Aontas Eorpach.

---

20 Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

(28) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an Ísiltír úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte. Ina theannta sin, is féidir leis an Ísiltír leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.

(29) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle Clár Cobhsaíochta 2022 agus léirítear a tuairim[22] i moladh (1).

(30) I bhfianaise na ndlúthnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro chun na moltaí atá leagtha amach i Moladh 2022 maidir leis an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hÍsiltíre, léirítear é sin go háirithe i moltaí (1) agus (3).

(31) I bhfianaise an ghrinn-athbhreithnithe a rinne an Coimisiún agus an mheasúnaithe sin, scrúdaigh an Chomhairle Clár Cobhsaíochta 2022. Léirítear a moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1) agus (4). Rannchuidíonn moladh (1) freisin le cur chun feidhme Mholadh 2022 maidir leis an limistéar euro, go háirithe an chéad mholadh don limistéar euro. Cuidíonn beartais fhioscacha agus beartais eile dá dtagraítear i moladh (1) agus (4) chun aghaidh a thabhairt, *inter alia*, ar mhíchothromaíochtaí atá nasctha leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt freisin ar mhíchothromaíochtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach,

---

**21** Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

**22** Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Ísiltír gníomhaíocht in 2022 agus 2023 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. In 2023, a áirithiú go mbeidh fás an phríomhchaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. A bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Le linn na tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach. An claonadh fiachais do theaghlaigh agus an saobhadh sa mhargadh tithíochta a laghdú, lena n-áirítear trí thacú le forbairt na hearnála cíosa phríobháidigh, agus trí bhearta a dhéanamh chun an soláthar tithíochta a mhéadú. An t-athchóiriú ar chóras na bpinsean a comhaontaíodh in 2019 agus 2020 a achtú agus a chur chun feidhme.

2. An chaibidlíocht leis an gCoimisiún maidir le doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021–2027 a thabhairt chun críche go tapa d'fhonn tús a chur lena gcur chun feidhme.

3. Cosaint shóisialta leordhóthanach a chur chun cinn do dhaoine féinfhostaithe gan fhostaithe, dul i ngleic leis an bhféinfhostaíocht bhréagach agus na dreasachtaí chun conarthaí solúbtha nó sealadacha a úsáid a laghdú. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, go háirithe sa chúram sláinte, san oideachas, i bpoist dhigiteacha agus theicniúla agus sa tógáil, lena n-áirítear trí leas a bhaint as acmhainneacht lucht saothair tearcúsáidte a eascraíonn as sciar ard na fostaíochta páirtaimseartha agus as ráta fostaíochta níos ísle daoine a mbaineann cúlra imirceach leo. Deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a neartú, go háirithe dóibh siúd ar imeall an mhargaidh saothair agus na ndaoine neamhghníomhacha.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí bhorradh a chur faoi infheistíochtaí comhlántacha i mbonneagar gréasáin agus trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú tuilleadh, trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh, agus trí dhlús a chur le hinfheistíochtaí in iompar inbhuanaithe agus sa talmhaíocht inbhuanaithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*